Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Droichead – Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO)

## Sraith Straitéisí don Mheasúnú Neamhfhoirmiúil – Iar-bhunoideachas

### Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Clár Ábhar | 1 |
| Réamhrá | 2 |
| Seicliosta de Riachtanais Bhunúsacha | 3 |
| Seicliosta Iompraíochta | 4 |
| Seicliosta Feidhme Feidhmiúcháin | 5 |
| Seicliosta um Láidreachtaí an Scoláire | 7 |
| Seicliosta um Scileanna Sóisialta | 9 |
| Seicliosta Litearthachta | 12 |
| Seicliosta Uimhearthachta | 16 |
| Seicliosta Ailgéabair | 18 |





CC BY NC

## Réamhrá

Cuireadh an acmhainn chuimsitheach seo le chéile chun cabhrú le múinteoirí nuacháilithe riachtanais oideachais scoláirí a aithint go héifeachtach agus i ndeireadh na dála chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt pleananna saincheaptha teagaisc agus foghlama dá scoláirí. Leagann an acmhainn seo béim ar ríthábhacht an mheasúnaithe chun tuiscint iomlánaíoch a shaothrú ar dhul chun cinn scoláire in ábhair éagsúla den churaclam.

Is ionann measúnú agus próiseas ilghnéitheach ina ndéantar eolas a bhailiú, a thaifeadadh, a léirmhíniú, a úsáid, agus a thuairisciú faoi fhorbairt agus éachtaí scoláire i leith eolas, scileanna, agus dearcthaí a shaothrú. Trí leas a bhaint as teicnící éagsúla measúnaithe agus straitéisí éagsúla, is féidir le múinteoirí na láidreachtaí sainiúla, réimsí riachtanais, agus gnóthachtáil reatha a scoláirí a dhearbhú, ag cur ar a gcumas spriocanna a dhearadh dá scoláirí a uasmhéadaíonn rannpháirtíocht scoláirí agus a chothaíonn na torthaí oideachasúla is fearr (*An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta*, gd).

Laistigh den acmhainn seo, d'fhéadfadh go mbeadh tuairiscíní ar nós "ag teacht chun cinn," "seasmhach," agus "ar ardchaighdeán" mar chuid de mheasúnuithe ar leith. Cé go bhféadfaí léirmhínithe éagsúla a thabhairt ar na tuairiscíní seo, d'fhéadfaí iad a léirmhíniú mar seo a leanas: tugann "ag teacht chun cinn" le fios go bhfuil an scoláire in ann an scil ábhartha a chur i bhfeidhm go teoranta nó gur ar éigean gur féidir leis/léi an scil a chur i bhfeidhm go neamhspleách, léiríonn "seasmhach" go bhfuil an scoláire in ann an scil a chur i bhfeidhm go seasmhach, agus léiríonn "ar ardchaighdeán" go bhfuil an scoláire in ann an scil a chur i bhfeidhm i réimsí éagsúla den churaclam gan dul i muinín treoir fhollasach. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur treoir ghinearálta iad na léirmhínithe seo agus gur chóir do mhúinteoirí an comhthéacs níos leithne a bhaineann le dul chun cinn foghlama gach scoláire a mheas agus iad ag úsáid na dtuairiscíní seo.

Is fiú a rá gur dearadh an acmhainn seo d'aon ghnó ar shlí nach mbeadh sí forordaitheach ná uileghabhálach. Ina ionad sin, feidhmíonn sí mar threoir sholúbtha, ag cur roghanna éagsúla maidir le measúnuithe neamhfhoirmiúla ar fáil do mhúinteoirí nuacháilithe is féidir leo a mheas agus iad ag lorg eolais faoi riachtanais éagsúla a scoláirí.

## Seicliosta de Riachtanais Bhunúsacha

**Ainm:** ______________________________________________

Ceannteidil faoinar chóir riachtanais bhunúsacha scoláire a mheas:

☐ Riachtanais fhiseolaíocha e.g., an bhfuil dóthain bia, teasa, tithíochta etc. ag an scoláire?

☐ Riachtanais sábháilteachta e.g., an bhfuil cosaint fhisiciúil nó shíceolaíoch ag teastáil ón scoláire?

☐ Riachtanais leighis e.g. an bhfuil aon ailléirgí ag an scoláire faoina bhfuiltear ar an eolas?

☐ Riachtanais mhuintearais e.g. an bhfuil garghaolta agus dlúthchairde ag an scoláire, an mbraitheann sé/sí mar chuid den phobal ina t(h)impeall

☐ Riachtanais mheasa e.g., an léirítear meas ar an scoláire, an bhfaigheann sé/sí aiseolas dearfach ó dhaoine eile agus an bhfuil meas aige/aici ar dhaoine eile agus air/uirthi féin?

Gníomhartha féideartha ar bhonn na gceannteideal thuas:

______________________________________________
______________________________________________
______________________________________________
______________________________________________
______________________________

*Deacrachtaí Iompraíochta, Mothúchánacha agus Sóisialta – Contanam Tacaíochta: Treoirlínte do Mhúinteoirí* (NEPS, 2010) lch 65

| Seicliosta Iompraíochta | | |
|---|---|---|
| Ainm an Scoláire: | Rang: | Bliainghrúpa: |
| Curtha i gcrích ag: | | |
| **Iompraíochtaí ar scoil:** | | M = Den chuid is mó<br>U = Uaireanta<br>R = Riamh |
| Tagann sé/sí ar scoil in am | | |
| Tagann sé/sí isteach sa seomra ranga ar shlí dhea-iompartha agus chuí | | |
| Leanann sé/sí gnáthaimh tosaigh ag tús ceachtanna e.g., suíonn sé/sí ag an deasc, tógann sé/sí amach ábhair riachtanacha | | |
| Is féidir leis/léi treoracha a leanúint | | |
| Leanann sé/sí treoracha ó bhéal a bhfuil dhá/trí chuid leo (e.g., stop a bhfuil á dhéanamh agat, cuir síos do pheann agus dún do leabhar) | | |
| Eagraíonn sé/sí an trealamh atá riachtanach don tasc | | |
| Tosaíonn sé/sí tasc ag an am céanna agus scoláirí eile | | |
| Díríonn sé/sí ar an tasc le linn an ama atá leagtha amach ag an múinteoir | | |
| Cuireann sé/sí tasc i gcrích laistigh d'am sannta | | |
| Tuigeann an scoláire luach na hoibre a chuirtear i gcrích agus bíonn sé/sí cúramach léi | | |
| Tarraingíonn an scoláire aird an mhúinteora mar is cuí e.g., trína lámh a chur in airde | | |
| Glacann an scoláire páirt chuí i ngníomhaíochtaí plé | | |
| Tuigeann an scoláire rialacha an tseomra ranga | | |
| Leanann an scoláire rialacha agus gnáthaimh an tseomra ranga | | |
| Oibríonn sé go maith i ngrúpa | | |
| Idirghníomhaíonn sé go cuí le piaraí | | |

*Curtha in oiriúint ó Deacrachtaí Iompraíochta, Mothúchánacha agus Sóisialta – Contanam Tacaíochta: Treoirlínte do Mhúinteoirí* (NEPS, 2010) lch 67

| Seicliosta Feidhme Feidhmiúcháin | |
|---|---|
| Léigh na ráitis seo a leanas le do thoil agus úsáid an scála uimhreach (1,2,3,4 nó 5) a bhaineann leatsa bunaithe ar an scála a leagtar amach thíos.<br><br>1=Riamh 2=Go hannamh 3=Uaireanta 4=Go minic 5=I gcónaí | |
| **Eagraíocht** | |
| Cuimhním ar ábhair a thabhairt abhaile liom atá riachtanach chun mo chuid obair bhaile a chríochnú | |
| Táim in ann teacht ar mo chuid obair bhaile chríochnaithe | |
| Coinním mo mhála scoile, mo locar, mo dheasc glan agus in eagar | |
| Táim in ann teacht ar ábhair riachtanacha ar bhonn rialta gan stró | |
| **Bainistíocht Ama** | |
| Tosaím mo chuid oibre/tascanna in am | |
| Is féidir liom a mheas go cruinn cé chomh fada is a thógfaidh sé tasc a chur i gcrích | |
| Cuirim isteach mo chuid oibre in am | |
| Táim in ann am a aimsiú d'imeachtaí nua le taobh mo ghnáthghníomhaíochtaí | |
| **Cuimhne Fheidhmiúil** | |
| Is féidir liom cuimhneamh ar liosta ó bhéal ar a bhfuil trí rud le déanamh nó níos mó | |
| Cuimhním ar mo chuid obair bhaile/tascanna a chur isteach | |
| Ní gá treoracha a athrá liom | |
| Freagraím gach cuid de cheist | |

| Meiteachognaíocht | |
|---|---|
| Tuigim cuspóir tascanna ar leith | |
| Tá tuiscint agam ar an eolas agus na straitéisí atá uaim chun tasc a chur i gcrích | |
| Déanaim machnamh ar a bhfuil ar eolas agam cheana féin le gur féidir liom ábhar nua a thuiscint | |
| Smaoiním ar bhealaí éagsúla le fadhb a réiteach agus ansin roghnaím an ceann is fearr | |

| Seicliosta um Láidreachtaí an Scoláire | |
|---|---|
| Cuir tic i ngach bosca a chuireann síos, dar leat, ar na nithe a dhéanann tú go maith. | |
| **Tinreamh agus Poncúlacht** | |
| Bain taitneamh as a bheith ag teacht ar scoil | |
| Tagaim ar scoil gach lá ach amháin má táim tinn | |
| Bím in am don scoil agus do cheachtanna ach amháin má tá cúis bhailí agam | |
| Den chuid is mó bím eagraithe don scoil gach lá, e.g., leabhair, lón, éadaí corpoideachais etc. | |
| **Scileanna Sóisialta** | |
| Bím compordach ag beannú do dhaoine i dtosach agus ag rá “Dia duit” nó “maidin mhaith” | |
| Beannaím do dhaoine de ghnáth nuair a bheannaíonn siad domsa i dtosach | |
| Réitím go maith le mo chairde | |
| Bím cineálta agus cuidiúil le scoláirí eile de ghnáth | |
| Tairgim cuidiú go minic de mo dheoin féin | |
| Bím lán-sásta cuidiú má iarrtar orm | |
| Bím compordach ag labhairt le daoine fásta ar scoil | |
| Is duine macánta mé agus insím an fhírinne i gcónaí | |
| Léirím meas ar dhaoine eile agus ar a maoin | |

| Labhairt agus Éisteacht | |
|---|---|
| Bainim taitneamh as páirt a ghlacadh i bplé ranga | |
| Táim toilteanach páirt a ghlacadh i bplé ranga nuair a iarrtar orm | |
| Nuair atá rud le rá agam, cuirim mo lámh in airde agus fanaim go dtí go gcuirtear ceist orm | |
| Táim go maith ag éisteacht le mo mhúinteoir | |
| Táim go maith ag éisteacht fad is atá scoláirí eile ag labhairt | |
| Táim go maith ag leanúint threoracha mo mhúinteora | |
| Táim sásta fanacht le mo sheal le linn plé ranga agus tascanna | |
| **Dearcadh** | |
| Táim go maith ag suí síos agus ag treabhadh liom le mo chuid oibre | |
| Déanaim mo dhícheall i gcónaí agus déanaim iarracht a n-iarrtar orm a chur i gcrích | |
| Bím mórtasach as mo chuid oibre agus déanaim iarracht feabhas a chur léi | |
| Cuirtear mo chuid oibre i láthair go slachtmhar an chuid is mó den am | |
| Cuirim suim san obair de ghnáth | |
| Cuirim suim i dtuairimí mo mhúinteora i leith mo chuid oibre | |
| Is dóigh liom go bhfuil sé tábhachtach obair chrua a chur isteach agus tú ag ullmhú do scrúduithe | |
| Cuimhním ar m’obair bhaile a thabhairt ar scoil de ghnáth | |

(*STOS*, gd)


Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

| Seicliosta um Scileanna Sóisialta | |
|---|---|
| Tuairiscín: TCC = Ag teacht chun cinn S = Seasmhach A = Ar ardchaighdeán | |
| Dalta: | |
| **Scileanna Cumarsáide** | |
| Úsáideann an scoláire fuaim agus tuin chainte oiriúnach agus é/í ag labhairt | |
| Féachann an scoláire sa tsúil ar dhaoine agus é/í ag labhairt leo | |
| Éisteann an scoláire go gníomhach le daoine eile agus cuireann sé/sí suim ina bhfuil á rá acu | |
| Cuireann an scoláire ceisteanna chun suim a léiriú agus glacann sé/sí páirt sa chomhrá | |
| Úsáideann an scoláire leideanna neamhbhriathartha ar nós claonadh cinn nó gáire chun tuiscint agus aontú a léiriú | |
| **Scileanna um Rialú Mothúchán** | |
| Aithníonn an scoláire a mothúcháin féin go beacht agus tá sé/sí in ann ainm a chur orthu | |
| Úsáideann an scoláire straitéisí cuí nuair a bhraitheann sé/sí trína chéile nó nuair a thagann gach rud anuas sa mhullach air/uirthi | |
| Léiríonn an scoláire meas ar theorainneacha agus ar mhothúcháin daoine eile | |
| Glacann an scoláire freagracht as a g(h)níomhartha agus a c(h)uid focal féin | |
| Freagraíonn an scoláire mar is cuí agus go tuisceanach do mhothúcháin daoine eile | |
| Cuireann an scoláire é/í féin in iúl ar shlí mheasúil agus oiriúnach | |


Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

| Scileanna Idirphearsanta | |
|---|---|
| Cothaíonn an scoláire caidrimh dhearfacha lena c(h)omhscoláirí | |
| Léiríonn an scoláire meas ar na difríochtaí agus na cosúlachtaí idir daoine éagsúla | |
| Glacann an scoláire páirt i ngrúpghníomhaíochtaí agus cuireann sé/sí le spriocanna an ghrúpa | |
| Tuigeann an scoláire an tábhacht a bhaineann le hobair foirne agus le comhoibriú | |
| Fanann an scoláire lena s(h)eal féin | |
| Léiríonn an scoláire go bhfuil sé/sí toilteanach cuidiú le daoine eile nuair is gá | |
| Léiríonn an scoláire spórtúlacht i gcásanna iomaíochta | |
| Aithníonn agus tuigeann an scoláire mothúcháin agus dearcthaí daoine eile | |
| Seasann an scoláire ar son a c(h)eart agus riachtanas féin fad is a léiríonn sé/sí meas ar chearta daoine eile | |
| Tuigeann an scoláire agus léiríonn sé/sí meas ar an éagsúlacht chultúrtha agus ar na saindifríochtaí a bhíonn idir daoine | |

| Pleanáil agus Beartú Spriocanna an Scoláire | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Lag** | | | | | | | **Foirfe** | | |
| **Poncaíocht** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
| **Tinreamh** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
| **Ag réiteach le daoine eile (scileanna sóisialta)** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
| **Dearcadh ina leith féin (féinmheas/ féinmhuinín)** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
| **Dearcadh i leith na scoile** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
| **Iompraíocht i leith scoláirí eile** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
| **Dearcthaí i leith a s(h)aoil sa bhaile** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
| **Conas atá do chuid iompraíochta, dar leat, i gcomparáid le hiompraíocht daoine eile i do bhliainghrúpa?** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |

| Seicliosta Litearthachta | |
|---|---|
| Tuairiscín: **TCC** = Ag teacht chun cinn **S** = Seasmhach **A** = Ar ardchaighdeán | |
| Dalta: | |
| **Teanga Bhéil** | |
| Féachann an scoláire sa tsúil ar dhaoine mar is cuí agus é/í i mbun comhrá, agus úsáideann sé/sí tuin chainte agus comharthaí cuí | |
| Tugann an scoláire aird ar chumarsáid bhriathartha agus cumarsáid neamhbhriathartha araon | |
| Tugann an scoláire aird ar chumarsáid neamhbhriathartha | |
| Éisteann an scoláire go cúramach le daoine eile | |
| Agus an scoláire i mbun comhrá le daoine eile, cuireann sé/sí isteach ceisteanna, léargais agus tuairimí cuí mar is cuí | |
| Cuireann an scoláire tús le comhráite agus cothaíonn sé/sí comhráite faoi ábhair a gcuireann sé/sí suim iontu | |
| Fanann an scoláire ar a s(h)eal agus é/í i mbun comhrá lena c(h)omhscoláirí | |
| Labhraíonn an scoláire os ard agus go ciallmhar, ag úsáid fuaim chuí chainte | |
| Beannaíonn an scoláire agus freagraíonn sé/sí mar is cuí do bheannachtaí agus d'ábhar plé | |
| Úsáideann an scoláire abairtí iomlána ag baint leas as cineálacha abairtí éagsúla; simplí, comhshuite agus coimpléascach | |
| Úsáideann an scoláire réimse leathan foclóra agus frásaí lena n-áirítear teanga shainiúil don ábhar | |
| Is féidir leis an scoláire bríonna a thuiscint nach bhfuil ráite go soiléir | |
| Is féidir leis an scoláire treoracha ilchéime a leanúint | |
| Is féidir leis an scoláire tuairisc a thabhairt ar eispéiris trí úsáid a bhaint as seicheamhú, aimsirí agus foclóir mar is cuí | |


Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

| | |
|---|---|
| Is féidir leis an scoláire a c(h)uid oibre féin agus obair scoláirí eile a phlé | |
| Is féidir leis an scoláire éisteacht go gníomhach le bunsmaoineamh/príomhphointí tuairisce/cur i láthair a dhéanamh amach | |
| Is féidir leis an scoláire téacs gairid ó bhéal a chur i láthair ina (h)aonar agus/nó i gcomhar le daoine eile | |
| Úsáideann an scoláire teanga chuí i gcomhair lucht éisteachta ar leith agus i gcomhair feidhmeanna sainiúla e.g., ag cur síos ar phróiseas, ag áitiú ar dhuine, ag cur duine ar an eolas faoi rud | |
| Cuireann an scoláire riachtanais, mothúcháin, tuairimí agus roghanna pearsanta in iúl | |
| Cuireann an scoláire ceisteanna éagsúla chun cabhair a lorg, eolas a aimsiú nó ar mhaithe le soiléireacht | |
| **Léitheoireacht** | |
| Úsáideann an scoláire léaráidí agus téacs chun tuartha a roinnt | |
| Léann an scoláire téacs ar luas cuí, agus leis an gcruinneas agus an léiriú cuí | |
| Is féidir leis an scoláire é/í a fhéincheartú go neamhspleách | |
| Is féidir leis an scoláire eolas ábhartha a fháil ó théacsanna | |
| Aithníonn an scoláire comhchiallaigh, comhainmneacha, frithchiallaigh, réimíreanna, iarmhíreanna agus fréamhfhocail | |
| Úsáideann an scoláire straitéisí éagsúla tuisceana chun brí a bhaint as an téacs. Áirítear leis na straitéisí sin a bheith ag tuar, ag léirshamhlú, ag déanamh ceangal, ag ceistiú, ag úsáid réamheolais, ag dearbhú tábhachta, ag tabhairt le tuiscint, agus ag sintéisiú | |
| Úsáideann an scoláire liostaí agus léaráidí chun eolas a bhailiú | |
| Díchódaíonn an scoláire grúpaí focal/frásaí ag úsáid siollaí i bhfocail nua lena gcumasc | |

| | |
|---|---|
| Úsáideann an scoláire straitéisí chun focail a aithint ar nós gnéithe grafacha/patrúin litrithe, fréamhfhocail, réimíreanna agus iarmhíreanna etc chun focail a shainaithint agus a thuiscint i dtéacsanna | |
| Úsáideann an scoláire foclóirí agus teasárais chun brí focal a aimsiú | |
| Éisteann an scoláire le focail agus frásaí nua a léiríonn daoine eile agus is féidir leis/léi an bhrí atá leo a phlé | |
| Déanann an scoláire achoimre ar théacsanna agus aithníonn sé/sí príomhtheachtaireachtaí/eochairchodanna iontu | |
| Úsáideann an scoláire fianaise ón téacs chun tacú lena t(h)uairimí | |
| Is féidir leis an scoláire bríonna a bhaint as téacsanna nach bhfuil ráite go soiléir iontu | |
| Pléann agus míníonn an scoláire cuspóirí téacsanna | |
| Míníonn an scoláire a t(h)uiscint agus a léirmhíniú féin ar théacs | |
| Is féidir leis an scoláire an nasc idir sainréimeanna éagsúla teanga agus an chaoi a n-úsáidtear iad i gcomhthéacs scríofa a thuiscint | |

| **Scríbhneoireacht** | |
|---|---|
| Scríobhann an scoláire ó chlé go deas, leathanach ar leathanach | |
| Scríobhann an scoláire go soléite agus go cruinn ag úsáid script reatha | |
| Úsáideann an scoláire poncaíocht chuí ar nós camóg, uaschamóga sealbhacha, giorrúchán, comharthaí athfhriotail, comharthaí uaillbhreasa etc. | |
| Baineann an scoláire leas cuí as ailt | |
| Úsáideann an scoláire príomhabairtí chun bunsmaoineamh an ailt a shainaithint | |
| Úsáideann an scoláire aistrithe chun smaointe a nascadh e.g., mar sin féin, chomh maith leis sin, seachas | |
| Úsáideann an scoláire réimse leathan foclóra lena n-áirítear foclóir sainiúil don ábhar | |
| Is féidir leis an scoláire focail a litriú go cruinn trí úsáid a bhaint as straitéisí éagsúla chun focail nach bhfuil ar eolas aige/aici a litriú | |
| Pleanálann, scríobhann, dréachtaíonn agus athdhréachtaíonn an scoláire a c(h)uid scríbhneoireachta mar is cuí | |
| Scríobhann an scoláire ar chaoi struchtúrtha agus eagraithe | |
| Is féidir leis an scoláire smaointe a fhorbairt ar bhealaí cruthaitheacha agus samhlaíocha | |
| Cuireann an scoláire fianaise nó samplaí ar fáil chun tacú lena (h)argóint | |
| Úsáideann an scoláire struchtúir choimpléascacha abairte | |
| Is féidir leis an scoláire an seánra ceart a roghnú don lucht éisteachta agus don chuspóir | |

(*CNCM*, 2019)

| Seicliosta Uimhearthachta | |
|---|---|
| Tuairiscín: **TCC** = Ag teacht chun cinn **S** = Seasmhach **A** = Ar ardchaighdeán | |
| Dalta: | |
| **Uimhir** | |
| Is féidir leis an scoláire comhaireamh ar aghaidh agus comhaireamh siar in iolraí de 1,10,100 agus 1000 | |
| Is féidir leis an scoláire suimiú, dealú, iolrú agus roinnt a dhéanamh le slánuimhreacha agus deachúlacha | |
| Tuigeann an scoláire ionadluach suas le milliúin, lena n-áirítear deachúlacha | |
| Is féidir leis an scoláire uimhreacha a chur i gcomparáid lena chéile agus a chur in ord trí úsáid a bhaint as ‘<’, ‘>’, agus ‘=’: | |
| Tuigeann an scoláire méid coibhneasta codán, deachúlacha agus céatadán | |
| Is féidir leis an scoláire fadhbanna a bhaineann le codáin, cóimheasa agus céatadáin a réiteach | |
| **Tomhas** | |
| Tuigeann an scoláire na haonaid tomhais d’fhad, do mhais, do thoilleadh, agus d’am | |
| Is féidir leis an scoláire coinbhéartú idir aonaid éagsúla tomhais laistigh de chóras (e.g., ó mhéadair go ceintiméadair) | |
| Is féidir leis an scoláire faid, mais, toilleadh, agus am a mheas agus a thomhas go cruinn | |
| Is féidir leis an scoláire fadhbanna a bhaineann le himlíne, le hachar, le toirt agus leis an am a réiteach | |


Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

| Céimseata | |
|---|---|
| Is féidir leis an scoláire cruthanna 2T agus 3T a shainaithint agus a rangú bunaithe ar na hairíonna atá acu | |
| Is féidir leis an scoláire línte siméadrachta a shainaithint agus a úsáid | |
| Is féidir leis an scoláire uillinneacha agus na hairíonna a bhaineann leo a thuiscint (e.g., géaruillinneacha, maoluillinneacha, dronuillinneacha) | |
| Is féidir leis an scoláire fadhbanna a bhaineann le coincheapa geoiméadracha (e.g., achar, imlíne, toirt) a réiteach | |
| **Siméadracht** | |
| Is féidir leis an scoláire sonraí a bhailiú agus a eagrú trí úsáid a bhaint as táblaí, cairteacha, agus graif | |
| Is féidir leis an scoláire sonraí a léirmhíniú agus a anailísiú trí úsáid a bhaint as tomhais an lárchlaonta (e.g., meán, airmheán, mód) | |
| Is féidir leis an scoláire dóchúlacht a ríomh trí úsáid a bhaint as codáin, deachúlacha, agus céatadáin | |
| Is féidir leis an scoláire dóchúlacht a úsáid chun tuartha a dhéanamh agus fadhbanna a réiteach | |
| Is féidir leis an scoláire claonadh a aithint | |
| **Réiteach Fadhbanna agus Réasúnaíocht** | |
| Is féidir leis an scoláire fadhb agus na srianta a bhaineann léi a shainaithint agus a shainmhíniú | |
| Is féidir leis an scoláire fadhb a anailísiú trína briseadh síos i gcodanna níos lú | |
| Is féidir leis an scoláire straitéisí éagsúla a úsáid chun fadhbanna a réiteach (e.g., tomhais agus seiceáil, oibrigh droim ar ais, déan tábla) | |
| Is féidir leis an scoláire a réasúnaíocht a mhíniú agus a f(h)reagraí a chosaint | |

| Seicliosta Ailgéabair | |
|---|---|
| Tuairiscín: N/B=Ní bhaineann le hábhar TCC=Ag teacht chun cinn S=Seasmhach A=Ar ardchaighdeán | |
| Dalta: | |
| **Sloinn Ailgéabracha** | |
| Is féidir leis an scoláire sloinn ailgéabracha a scríobh chun cásanna agus caidrimh a léiriú | |
| Is féidir leis an scoláire sloinn ailgéabracha a shimpliú trí úsáid a bhaint as an ord oibríochtaí | |
| Is féidir leis an scoláire luach sloinn ailgéabracha a fháil trí athróga a chur in áit luachanna | |
| Is féidir leis an scoláire téarmaí cosúla a shainaithint agus a chónascadh | |
| **Cothromóidí Líneacha** | |
| Is féidir leis an scoláire cothromóidí líneacha a réiteach le hathróg amháin trí úsáid a bhaint as oibríochtaí inbhéartacha | |
| Is féidir leis an scoláire cothromóidí líneacha lena mbaineann céim amháin nó dhá chéim a scríobh agus a réiteach | |
| Is féidir leis an scoláire cothromóidí líneacha a úsáid chun fadhbanna a réiteach | |
| Is féidir leis an scoláire cothromóidí líneacha a ghrafadh ar phlána comhordanáidithe agus an bhrí atá ag baint leo a léirmhíniú | |
| **Grafadh** | |
| Is féidir leis an scoláire pointí a bhreacadh ar phlána comhordanáidithe agus na comhordanáidí a bhaineann leo a shainaithint | |
| Is féidir leis an scoláire cothromóidí líneacha a ghrafadh agus an bhrí atá ag baint leo a léirmhíniú | |
| Is féidir leis an scoláire fána agus y-thrasphointe a shainaithint ó chothromóid líneach agus iad a úsáid chun an chothromóid a ghrafadh | |


Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

| | |
|---|---|
| Is féidir leis an scoláire graif a úsáid chun fadhbanna a bhaineann le ráta, le fad, agus leis an am a réiteach | |


Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

| **Feidhmeanna** | |
|---|---|
| Is féidir leis an scoláire coincheap feidhme a thuiscint agus an fearann agus an raon a shainaithint | |
| Is féidir leis an scoláire feidhmeanna líneacha a shainaithint agus a léiriú i bhfoirm graif | |
| Is féidir leis an scoláire nodaireacht feidhme a thuiscint agus a úsáid | |
| Is féidir leis an scoláire fadhbanna a bhaineann le feidhmeanna a réiteach | |
| **Iltéarmaigh** | |
| Is féidir leis an scoláire iltéarmaigh a shainaithint agus a rangú | |
| Is féidir leis an scoláire suimiú, dealú agus iolrú a dhéanamh ar iltéarmaigh | |
| Is féidir leis an scoláire iltéarmaigh a fhachtóiriú | |
| Is féidir leis an scoláire fadhbanna agus cothromóidí a bhaineann le hiltéarmaigh a réiteach | |